BHUEL! NOLLAIG 2013
© IONAD NA GAEILGE LABHARTHA EAGARTHÓIR:NUALA DE BÚRCA

Ridirí COC

Onóir de chuid an Phápa bronnta ar bhaill fhoirne COC

Comhghairdeachas ó chroí leis an Ollamh Emeritus, Pádraig Ó Riain agus le Dr. Caitríona Ó Dochartaigh, Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge agus leis an Uasal Brian Ó Donnchadha, Ionad na Gaeilge Labhartha, COC. Bronnadh an tOrd Pontaifiúil Eachaíochta de chuid an Phápa, Naomh Gréagóir Mór, orthu le déanaí. Bronnadh an onóir seo orthu de bharr a gcuid oibre ar an leagan nua Gaolainne den leabhar Aifrinn. Is baill thuata iad den Choiste Sapienti a bhíonn i mbun scríbhinní liotúirgeacha. Bhí an bronnadh ar siúl in Oifig an Uachtaráin ar 25 Deireadh Fómhair agus bhí Leas-Uachtarán COC, Anita Maguire i láthair. Bronnadh an onóir chéanna ar Ailfrid Ó Rathaille, Iar-Uachtarán na hollscoile seo sa bhliain 1954. Beidh an leabhar Aifrinn nua ar fáil an bhliain seo chugainn agus beidh téacsanna nua ná fuil sa seanleabhar ann. Beidh fáilte mhór roimh an leagan uasdátaithe seo sna gaeltachtaí agus sna pobail Ghaolainne ar fud na tíre. Is ábhar bróid é seo do lucht na hollscoile ar fad agus do lucht na Gaolainne, ach go háirithe. Is mór an dua atá ag baint leis an saghas seo oibre agus tá an onóir seo tuillte go maith ag ár gcomhghleacaithe. Tréaslaímid leo agus guímid gach rath orthu agus ar a gcuid oibre amach anso.

An tOllamh Emeritus, Pádraig Ó Riain, An Dr. Caitríona Ó Dochartaigh, Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge, an tUasal Brian Ó Donnchadha, Ionad na Gaeilge Labhartha, COC agus an coiste Sapienti.

CUAIRT SPEISIALTA

Thug Uachtarán COC, An Dr. Micheál Ó Murchú, cuairt speisialta ar Ghaelscoil Uí Ríordáin ar 20 Meán Fómhair 2013. Tá Gaelscoil Uí Ríordáin ar an bhfód le 30 bliain i mbliana agus tá nasc idir Bhord na Gaeilge, COC agus Gaelscoil Uí Ríordáin le 20 bliain i mbliana, mar sin, is iomaí cúis chomóraidh a bhí ann.

Bronnann an tUachtarán scoláireacht gaeltachta ar dhalta gaelscoile gach bliain in ómós do dhuine de na filí is tábhachtaí san fhichiú haois, Seán Ó Ríordáin (1916-1977), a bhíodh ag obair san ollscoil is a spreag mic léinn na Gaolainne riamh is choíche. Deineann Bord na Gaeilge COC urraíocht ar an scoláireacht seo. Bhí Gaelscoil Uí Ríordáin lonnaithe sa Chúil Rua go dtí anuraidh nuair a osclaíodh scoil nua i gCarraig an Earra, Baile an Chollaigh.

Cuireadh fáilte is fiche roimh an Uachtarán agus roimh bhaill Bhord na Gaeilge, foireann Ionad na Gaeilge Labhartha, Bord Bainistíochta na Scoile agus Coiste na dTuistí. D'éirigh leis na cuairteoirí turas a thabhairt timpeall na scoile, bualadh le cúpla rang agus ealaín iontach na scoile a fheiscint. Bhí teacht le chéile agus ceolchoirm i halla na scoile.

Labhair an phríomhoide, Gabriel Ó Cathasaigh agus An Dr. Micheál Ó Murchú. Bronnadh píosa ealaíne a dhein dalta na scoile ar an Uachtarán in ómós dá chuairt. Is léir go raibh an tUachtarán an-sásta a bheith ann agus go bhfuil an-mheas aige ar mhuintir na gaelscoile, ar a gcuid oibre agus ar an nGaolainn, ach go háirithe.

Gabhaimid buíochas as foireann na gaelscoile a thug an cuireadh dúinn cuairt a thabhairt orthu agus as Marian Ní Shúilliobháin, Ionad na Gaeilge Labhartha, riarthóir na scéime, Scoláireacht Uí Ríordáin le fiche bliain anuas, a choimeádann an nasc speisialta idir an ollscoil agus an ghaelscoil ina bheathaigh.

An tUachtarán, An. Dr. Micheál Ó Murchú agus príomhoide Ghaelscoil Uí Ríordáin, Gabriel Ó Cathasaigh ag caint is ag cadráil le rang.

An tUachtarán, An. Dr. Ó Micheál Ó Murchú ag féachaint ar sheanghrianghrafanna na scoile leis an bpríomhoide, Gabriel Ó Cathasaigh agus leis an leasphríomhoide, Bríd Ní Chonchubhair.

An príomhoide, Gabriel Ó Cathasaigh agus dalta scoile ag bronnadh pictiúir ar an Uachtarán, An. Dr. Micheál Ó Murchú.

Ócáid in ómós do Phádraig Tyers

Dhein Brian Tyers pictiúr de Phádraig a athair, IarStiúrthóir na Gaeilge Labhartha a nochtadh sa Seomra Caidrimh ar an 7 Mí na Samhna 2013. Bhí slua mór daoine i láthair chun saol agus saothar ár n-iarchomhghleacaí, Pádraig Tyers a chomóradh agus a cheiliúradh agus ina measc bhí bean Phádraig Tyers Beití, clann Phádraig agus a gclann san, a ghaolta, a chairde, a chomhleacuithe, a lucht aitheantais agus muintir na Gaeilge trí chéile. Labhair Seán Ó Coileáin, Brian Tyers agus Pól Ruiséal. Ócáid thar ócáidí ab ea í ar bhain gach éinne an-shult ar fad aisti. Seo cuid den chaint a thug Pól Ruiséal, comharba Phádraig mar chuid den ócáid chomórtha:

Múinteoir, údar agus oideachasóir Gaeilge ab ea Pádraig Tyers. Chaith sé breis agus fiche bliain ina stiúrthóir ar An Teanglann, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, mar a raibh dhá aonad ar leith faoina stiúradh, Aonad na Gaeilge Labhartha agus an tAonad Áiseanna Closamhairc.

Cuimhneofar ar Phádraig mar cheannródaí maidir le úsáid chruthaitheach a bhaint as acmhainní closamhairc agus as cúrsaí i múineadh na Gaeilge Labhartha a chum sé féin, obair thábhachtach a chuir bonn faoi theagasc agus faoi chur chun cinn na Gaeilge Labhartha san ollscoil lena linn. Beidh cuimhne ar Phádraig chomh maith mar gheall ar an gceangal torthúil a bhunaigh sé idir Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Gaeltacht Chorca Dhuibhne. Cheannaigh an Ollscoil an t-ionad Gaeltachta Dún Chíomháin sa bhliain 1973 agus thosnaigh sé ag feidhmiú mar ionad oideachais Gaeilge thríú leibhéal go geairid ina dhiaidh sin. San am chéanna agus é ina Rúnaí ar Bhord Gaeilge na hOllscoile, chuir dlús lena chuid oibre agus faid a bhí sí ag teagasc na teanga, bhí sé á cur chun cinn taobh istigh agus taobh amuigh den Ollscoil agus ag bailiú airgid chun tacú le gníomhaíochtaí an Bhoird.

Bhí caidreamh leanúnach ag Pádraig ar Chorca Dhuibhne ó bhain sé an áit amach ar dtúis sa bhliain 1948. A bhuíochas ar Phádraig gur thug glúin scoláirí a n-aghaidh siar ar Chorca Dhuibhne, cuid mhór díobh ná beadh an áit feicthe go deo acu mara mbeadh Pádraig ina cheannródaí orthu.

Chuir sé chuige ansan agus bhunaigh sé cnuasach luachmhar de théipeanna físe agus fuaime don Ollscoil a bhí bunaithe ar na taifeadtaí suimiúla a dhein sé leis na cainteoirí ba chumasaí i nGaeltacht na Mumhan. Ba eisean a chéadaimsigh an chuid is mó acu agus a chuir a nguthanna ar téip den chéad uair riamh! Bhí ina measc so Tomás Ó Scanláin, Domhnall Ó Murchú, Micilín Breathnach, Bríd Granville, Cáit Firtéar/An Bhab, Seosamh Ó Dálaigh, Tomás Ó Cinnéide.

D'oibrigh Pádraig leis mar chraoltóir gairmiúil ar Raidió Éireann, ar Raidió Teilifís Éireann agus ba mhinic é a bheith faoi agallamh ar Raidió na Gaeltachta agus ar Theilifís na Gaeilge.

Cé go mba theagascóir é Pádraig go príomhdha, ba údar leabhar é a d'fhoilsigh mórán saothar a bhain le béaloideas, saol na Gaeltachta, litríocht, beathaisnéis, dírbheathaisnéis, léarscáilte logainmneacha. Chuir sé amach dosaon éigin saothar éagsúil.

Chun an obair ar fad a dhein sé ar son na Gaeilge a aithint, bronnadh dochtúireacht de chuid Ollscoil na hÉireann air ar an 2 Meitheamh sa bhliain 2006 agus bronnadh Gradam an Phiarsaigh air sa bhliain 2008.

Thóg Tomás Tyner, COC pictiúr de Phádraig agus é ina fhallaingeacha acadúla ar an 2 Meitheamh 2006 an lá gur bronnadh an Dochtúireacht Oinigh air, agus sin é an pictiúr a nochtaigh Brian Tyers a mhac ag an ócáid chomórtha sa Seomra Caidrimh.

Cuid den slua a tháinig le chéile chun saol agus saothar ár n-iarchomhghleacaí, Pádraig Tyers, a chomóradh agus a cheiliúradh.

COMHGHAIRDEACHAS LIBH!

Comhghairdeachas ó chroí le Deirdre Ní Dhonnchadha agus Lára Ní Dhálaigh a bhuaigh Comórtas Díospóireachta Tríú Leibhéil Ghael-Linn ag Oireachtas na Samhna i mbliana. Deineann Gael-Linn urraíocht ar an gcomórtas agus bhronn Antoine Ó Coileáin, Príomhfheidhmeannach Ghael-Linn an duais orthu. Ba é an t-ábhar a bhí fé chaibidil ag na foirne ná 'Ba chóir deireadh iomlán a chur le híocaíochtaí dóil do dhaoine faoi 25 bliain d'aois'. Bhí ceithre fhoireann páirteach sa chomórtas agus bhí Jamie Ó Tuama, Gael-Linn, mar chathaoirleach. Bhí Pádraig Ó Ciardha mar aoichainteoir. Mhol sé an comórtas agus cheap sé gur iontach an rud é go mbíonn mic léinn na tíre seo ag bualadh le cairde nua trí mheán na Gaolainne.

Comhghairdeachas ó chroí le Sadhbh Ní Chéilleachair agus le hÓrla Ní Fhiannachta a ghlac páirt i mBréagchúirt Uí Dhálaigh agus a bhuaigh an tarna duais ar 8 Samhain 2013.

Bhí seoladh leabhair sa tSeomra Caidrimh ar 8 Samhain 2013. Sheol Pól Ruiséal, Stiúrthóir Ionad na Gaeilge Labhartha an leabhar '*Language, Resistance and Revival: Republican Prisoners and the Irish Language in the North of Ireland.'* leis an Dr. Feargal MacIonnrachtaigh. Tréaslaímid leis agus guímid gach rath ar a chuid oibre agus ar an leabhar céanna.

ÁRAS UÍ THUAMA



Muintir Áras Uí Thuama ag cóisir na Nollag ar 11 Nollaig 2013.

Mic léinn GA1120 thiar i Mí na Samhna.

Mic léinn GA1120 a dhein bunchúrsa sa Ghaolainn linne ag cóisir na Nollag sa tSeomra Caidrimh ar 11 Nollaig 2013. Slán libh is Nollaig shona dhaoibh go léir!

GRADAM NA GAEILGE

Seoladh bróisiúr "*Gradam na Gaeilge*" sa Seomra Caidrimh, Dé Céadaoin 11 Mí na Nollag. Tá duais €1,000 ar fáil don mhac léinn a dheineann a d(h)ícheall an Ghaeilge a chur chun cinn i gColáiste na hOllscoile Corcaigh. Tá an duais seo urraithe ag an Dr Diarmuid Ó Mathúna, Stiúrthóir Chomhairleoirí Maoine 'City Life' / City Life Wealth Advisors, Corcaigh. Is é Donnchadh Ó hAodha, Uachtarán Chonradh na Gaeilge a dhein an seoladh. Tá Gradam na Gaeilge oscailte do mhic léinn cláraithe uile na hOllscoile.

Reachtáltar an Gradam faoi choimirce Choiste Gnó Bhord na Gaeilge. Bronnfar an Gradam roimh dheireadh na bliana acadúla.

Dáta Deireanach **14 Márta 2014**.

Tuilleadh Eolais ar fáil ó Ionad na Gaeilge Labhartha UCC

Claire Ní Mhuirthile, riarthóir Scéim na Scol, An Dr. Diarmaid Ó Mathúna, urraitheoir na scéime agus Pól Ruiséal, Stiúrthóir Ionad na Gaeilge Labhartha.

Cúrsa Gramadaí

Ionad na Gaeilge Labhartha

Seomra: G01, ORB, UCC
Gach Aoine

Am: 12.00-13.00

Breis eolais: s.olaoi@ucc.ie

Comórtas

Ainmnigh an duine seo:
'Fear sneachta bán, hata ar a cheann'
€30 an duais!

Seol do fhreagra chugam ag n.deburca@ucc.ie faoin 17 Eanáir.

Cártaí Nollag: www.smaointe.com
Cluichí boird: www.udar.ie
Bronntanais Nollag: www.spailpin.com
Bronntanais Nollag i gCorcaigh:
Gael Taca, 22 Port Uí Shúilleabháin.
www.gael-taca.com

Más mian le héinne alt, léirmheas, scéilín, dán nó fógra a scríobh don chéad eagrán seol ríomhphost chugam ag n.deburca@ucc.ie**.** Nollaig faoi shéan is faoi mhaise dhaoibh go léir agus gach rath oraibh san athbhliain.

Suíomh idirlín na bliana:

www.focloir.ie